Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2026
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0289 (COD)**

**5082/26**
**ADD 1**

**CODEC 12**
**COH 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Bhulgáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme lena rialaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, tá iarratas ar íocaíocht curtha isteach go cuí ag an mBulgáir le haghaidh caiteachais fhíoraithe dar luach EUR 882 158.92, arna dtabhú roimh an 30 Meán Fómhair 2024, nár aisíoc an Coimisiún Eorpach go fóill.

Sa chomhthéacs sin, measann an Bhulgáir nár cheart tionchar a bheith ag an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1755 a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi Chúlchiste Coigeartaithe Brexit [2025/0289 (COD)] ar an méid thuasluaite.